Samhain 2025

Údarás na Gaeltachta

# Uirlisí IS don Ghaeilge

## Deiseanna & Dúshláin



# Clár

**Réamhrá** ..... **4**
Misean an Tionscadail: An Ghaeilge san Aois Dhigiteach ..... 4
Ár bhFís Fhadtéarmach ..... 5
Nasc idir na Glúnta ..... 5
**Spriocanna Gearrthéarmacha** ..... **6**
An Ghaeilge ar na hArdáin Teicneolaíochta ..... 6
Seirbhísí Poiblí i nGaeilge ..... 6
Óige na Gaeltachta a Chumasú ..... 6
**Comhthéacs Náisiúnta & Idirnáisiúnta** ..... **6**
**Mórthogra - Gníomh 1: Corpas Poiblí le haghaidh Innill IS a Thraenáil** ..... **8**
Réamhrá ..... 8
Fís ..... 8
Cúlra ..... 8
Céimeanna ..... 9
*Mozilla Common Voice* (Féach: Mionfheachtas Togra 4.1) ..... 10
Aschur ..... 10
Dúshláin ..... 11
**Mórthogra - Gníomh 2: Áiseanna Digiteacha don Earnáil Phoiblí** ..... **12**
Fís ..... 12
Cúlra ..... 12
Céimeanna ..... 13
Aschur ..... 14
Dúshláin ..... 14
**Mórthogra - Gníomh 3: Feasacht ar chás na Gaeilge a mhéadú i measc na gComhlachtaí Móra IS** ..... **16**
Fís ..... 16
Cúlra ..... 16
Céimeanna ..... 17
Aschur ..... 17
Dúshláin ..... 17
**Próifíl Óige: Feasacht agus Scileanna IS a Fhorbairt i measc Óige na Gaeltachta** ..... **18**
Fís ..... 18

CÁIPÉIS BHEO

Cúlra ..... 18
Céimeanna ..... 19
Aschur ..... 19
Dúshláin ..... 19
**Lucht Gnó agus Fiontair - Straitéis IS don Ghaeilge ..... 20**
Fís ..... 20
Cúlra ..... 20
Digital Creative Industries Roadmap 2024-2026 – An tIarthar mar Lárionad Cruthaitheachta ..... 20
Céimeanna ..... 20
Aschur ..... 21
Dúshláin ..... 21
**Pobal - Straitéis IS don Ghaeilge ..... 22**
Fís ..... 22
Cúlra ..... 22
Céimeanna ..... 22
Aschur ..... 23
Dúshláin ..... 23
**Mionfheachtas Togra 4.1: *Mozilla Common Voice* - Straitéis IS don Ghaeilge ..... 24**
Fís ..... 24
Cúlra ..... 24
Céimeanna ..... 24
Aschur ..... 25
Dúshláin ..... 25
**Mionfheachtas Togra 4.2: Cruthúnas Coincheapa don Earnáil Phoiblí: *HubChat*, *Claude*, *Abair.ie* - Straitéis IS don Ghaeilge ..... 27**
Fís ..... 27
Cúlra ..... 27
Céimeanna ..... 27
Aschur ..... 27
Dúshláin ..... 28
**Mionfheachtas Togra 4.3: Comhdháil IS agus Mionteangacha - Straitéis IS don Ghaeilge ..... 29**
Fís ..... 29

CÁIPÉIS BHEO

Údarás na Gaeltachta


Cúlra ... 29
Céimeanna ... 30
Aschur ... 30
Dúshláin ... 30
**Mionfheachtas Togra 4.4: Tagarmharcanna – Straitéis IS don Ghaeilge ... 32**
Fís ... 32
Cúlra ... 32
Céimeanna ... 32
Aschur ... 33
Dúshláin ... 33
**Mionfheachtas Togra 4.5: Comórtas Físeán IS – Straitéis IS don Ghaeilge ... 35**
Fís ... 35
Cúlra ... 35
Céimeanna ... 35
Aschur ... 36
Dúshláin ... 36
**Inbhuanaitheacht ... 37**
Gaeltacht Ghlas ... 37
Gealltanas Cothromaithe Carbóin ... 37
Cur i bhFeidhm ... 37
Conclúid ... 38
**Conclúid ... 39**
Achoimre ... 39
Comhthéacs Straitéiseach na hÉireann ... 39
An Bealach Chun Cinn ... 39


CÁIPÉIS BHEO

# Réamhrá

## Misean an Tionscadail: An Ghaeilge san Aois Dhigiteach



Tá an Ghaeltacht ag tráth ríthábhachtach anois - tráth a bhfuil oidhreacht shaibhir na Gaeilge agus réabhlóid na hintleachta saorga ag teacht le chéile. Tá Údarás na Gaeltachta (An tÚdarás) dúthrachtach faoi thodhchaí a chruthú ina mbeidh an Ghaeilge ní hamháin páirteach sna forbairtí seo, ach go dtiocfaidh sí chun cinn ina ceannaire sa ré dhigiteach seo.

Samhlaíonn an tÚdarás todhchaí ina bhfuil an teicneolaíocht agus an Ghaeilge fite fuaite ina chéile – todhchaí ina mbeannaíonn d'fhón póca duit le 'Dia duit' seachas 'Hi', todhchaí ina dtuigeann feithiclí cliste orduithe i nGaeilge, agus todhchaí ina bhfuil leanaí in ann uirlisí IS na Gaeilge a úsáid chun tacú lena gcuid foghlama.

Agus muid ag dul isteach sa ré nua intleachta saorga seo, tá rogha bhunúsach le déanamh: fanacht ag féachaint ar theacht chun cinn na hintleachta saorga nó glacadh go fonnmhar léi agus a bheith páirteach inti. Tá an dara rogha sin roghnaithe ag Údarás na Gaeltachta agus oibreoimid go tréan dícheallacha chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeltacht i gcroílár na bhforbairtí sin.

## Ár bhFís Fhadtéarmach

Samhlaíonn Údarás na Gaeltachta todhchaí ina mbeidh an Ghaeilge i gcroílár shaol na teicneolaíochta agus na hintleachta shaorga. Má éiríonn le pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta sa togra seo, ní bheidh aon deighilt ó thaobh teicneolaíochta ann idir cainteoirí Gaeilge agus cainteoirí teangacha eile sa domhan digiteach. Beidh rochtain chothrom ag gach duine ar na seirbhísí céanna, ar na deiseanna céanna, agus ar na huirlisí céanna – beag beann ar an teanga a roghnaíonn siad a úsáid.

Tá súil ag an Údarás amach anseo nach mbeidh cainteoirí Gaeilge riamh faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an teanga a roghnaíonn siad, agus go mbeidh siad ábalta leas iomlán a bhaint as gach nuálaíocht theicneolaíoch a thagann chun cinn. Beidh an Ghaeilge fite fuaite sa réabhlóid dhigiteach, ní mar eisceacht, ach mar cuid nádúrtha de theacht chun cinn na teicneolaíochta.

## Ceangal idir na Glúnta



Is iarracht straitéiseach atá sa togra seo chun ceangal a chruthú idir oidhreacht shaibhir ár sinsir agus na glúnta atá le teacht. Tá Údarás na Gaeltachta ag obair chun cultúr agus saibhreas na Gaeilge a chaomhnú don ghlúin seo agus chun a chinntiú go mbeidh an teanga beo agus láidir d'aos óg na hÉireann sa timpeallacht teicneolaíochta atá ag forbairt thart orainn.

Tuigeann an tÚdarás go bhfuil dualgas ar leith ag an eagraíocht ag an staid thábhachtach seo – seasaimid mar phobal ag crosbhealach inar féidir linn rogha a dhéanamh maidir le stádas na Gaeilge sa todhchaí dhigiteach. Má éiríonn le pobal na Gaeilge agus na

Gaeltachta sa togra seo, beidh cainteoirí amach anseo ábalta leas iomlán a bhaint as an teanga i ngach gné den saol ar líne. Gan an obair seo, d'fhéadfaí ár dteanga dhúchais a fhágáil ar chúl sa domhan digiteach.

# Spriocanna Gearrthéarmacha

## An Ghaeilge ar na hArdáin Teicneolaíochta

Ceann de phríomhspriocanna an Údaráis ná go mbeidh an Ghaeilge lárnach sna teicneolaíochtaí nua atá á bhforbairt, rud a chuirfidh le cumas daoine idirghníomhú le fearais dhigiteacha trí Ghaeilge. Tá sé mar aidhm ag an togra seo go mbeidh daoine in ann labhairt i nGaeilge le fearais agus ardáin dhigiteacha ar nós *Siri*, *Alexa*, *Google Maps* agus seirbhísí guthghníomhaíochtaithe eile.

## Seirbhísí Poiblí i nGaeilge

Ina theannta sin, i gcomhar lena chomhpháirtithe straitéiseacha, tá Údarás na Gaeltachta ag obair i dtreo teicneolaíochtaí teanga do sheirbhísí poiblí a fhorbairt do chainteoirí Gaeilge, ionas go mbeidh daoine in ann a ngnó oifigiúil a dhéanamh leis an stát i nGaeilge. Mar shampla, beidh daoine in ann leas a bhaint as botaí comhrá an stáit trí Ghaeilge amháin más mian leo, rud a chruthóidh eispéireas nádúrtha do na daoine sin a roghnaíonn na seirbhísí seo a úsáid ina dteanga dhúchais.

## Óige na Gaeltachta a Chumasú

Tá béim ar leith á cur ag an Údarás ar thacú le hóige na Gaeltachta chun scileanna teicneolaíochta a fhoghlaim ionas go mbeidh deiseanna fostaíochta agus forbartha sa réimse seo ar fáil dóibh. Tá sé de chuspóir leis an togra seo muinín ina bhféiniúlacht teanga a chothú i measc daoine óga agus iad rannpháirteach i nuálaíocht na teicneolaíochta.

# Comhthéacs Náisiúnta & Idirnáisiúnta

Tá plé forleathan ar siúl faoi theicneolaíocht na hintleachta saorga faoi láthair, agus is léir go bhfuil imní i roinnt earnálacha maidir leis na hathruithe atá le teacht. Tá an togra seo á fhorbairt ag an Údarás faoi réir bheartais náisiúnta IS. Tá an tÚdarás chun tabhairt faoin togra seo ar bhealach trédhearcach agus eiticiúil. Tá an togra seo ag teacht le pleananna náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ina measc, tá:

- Plean Digiteach don Ghaeilge 2023-2027
- An Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024-2030
- Treoirlínte maidir le hÚsáid Fhreagrach as IS sa tSeirbhís Phoiblí
- Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030
- Leas a Bhaint as Digitiú: Creat Digiteach na hÉireann

CÁIPÉIS BHEO

Treochlár do Thionscail na Cruthaíochta Digití 2024-26

Straitéisí Éagsúla foilsithe ag an Aontas Eorpach maidir le IS

CÁIPÉIS BHEO

# Mórthogra - Gníomh 1: Corpas Poiblí chun Innill IS a Thraenáil

## Réamhrá

Tá forbairt seirbhísí IS trí mheán na Gaeilge ar cheann de na tosaíochtaí straitéiseacha is tábhachtaí do thodhchaí dhigiteach na teanga. Sa chomhthéacs domhanda ina bhfuil teicneolaíocht IS ag imirt tionchair ar gach réimse den saol, is léir go bhfuil gá práinneach le hacmhainní Gaeilge cuí a fhorbairt chun a chinntiú nach bhfágfar ár dteanga dhúchais ar lár sa réabhlóid theicneolaíoch seo. Chun an sprioc seo a bhaint amach go héifeachtach, ní mór corpas cuimsitheach d'ábhar Gaeilge ar ardchaighdeán a fhorbairt a chuirfidh ar chumas na n-inneall IS freastal go héifeachtach ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta, agus a chinnteoidh go mbeidh ár n-oidhreacht theangeolaíoch lárnach i bhforbairt teicneolaíochta nua-aimseartha.

## Fís

Is é fís ardaidhmeannach Údarás na Gaeltachta corpas poiblí cuimsitheach a chruthú a chuirfidh ábhar Gaeilge scríofa agus labhartha ar fáil chun innill IS a thraenáil. Trí na hacmhainní seo a chur ar fáil go poiblí don phobal, do chomhlachtaí agus don lucht taighde, beidh ar a gcumas uirlisí teicneolaíochta sofaisticiúla a fhorbairt a fhreastalóidh ar riachtanais shainiúla phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta agus a chaomhnóidh oidhreacht theangeolaíoch shaibhir na hÉireann don chéad ghlúin eile. Tá súil ag an Údarás go mbeidh an corpas seo ina chatalaíoch d'fhorbairt leanúnach seirbhísí IS le haghaidh théacs agus urlabhra na Gaeilge.

## Cúlra

Tá dúshlán suntasach agus práinneach os comhair na Gaeilge sa spás digiteach. Tá fíor-bheagán den ábhar ar líne ar fáil i nGaeilge, rud a chruthaíonn éagothromaíocht mhór idir na hacmhainní digiteacha atá ar fáil agus riachtanais teanga phobal na Gaeilge. Cé go bhfuil líon na gcainteoirí ag méadú[1] de bharr iarrachtaí suntasacha in oideachas agus i mbeartas teanga, níl dóthain ionadaíochta ag an nGaeilge sna spásanna digiteacha fós. Táirgtear an chuid is mó den ábhar digiteach in Éirinn agus ar fud an domhain i mBéarla agus i dteangacha móra eile, rud a chruthaíonn bearna chriticiúil idir na hacmhainní Gaeilge atá ann cheana féin ar líne agus an corpas cuimsitheach atá riachtanach chun tacú le feidhmchláir teicneolaíochta chomhaimseartha.

Tá impleachtaí tromchúiseacha agus fadtéarmacha ag an easnamh seo d'fhorbairt innill IS, mar is ar mhéid agus ar chaighdeán an ábhair atá i gcorpais phoiblí a bhraitheann éifeachtacht agus cruinneas na gcóras seo. Tuigtear don Údarás ón taighde atá déanta go dtí seo nach bhfuil a fhios go beacht cén caighdeán atá ag an ábhar Gaeilge atá ar

CÁIPÉIS BHEO

[1]CSO (2022) *Daonáireamh*. Ar fáil: Preasráiteas - Daonáireamh 2022- Próifíl 8 - An Ghaeilge agus Oideachas - CSO – An Phríomh-Oifig Staidrimh

fáil ar líne faoi láthair, agus ní féidir sin a fheabhsú gan rochtain ar chorpais Ghaeilge d'ardchaighdeán. Na fadhbanna is mó a fheictear ná ceisteanna ceadúnais, cóipchirt agus úinéireachta intleachtúla. Tá na dúshláin chéanna seo le sárú ag gach teanga atá gann in acmhainní ar fud na cruinne, agus mar sin tá caidreamh leanúnach cothaithe ag an Údarás le grúpaí teanga eile atá sa chás céanna agus táimid ag foghlaim ón taithí agus saineolas atá acu.

Forbraíodh *Plean Digiteach don Ghaeilge 2023-2027* sular tháinig teicneolaíocht IS chun tosaigh mar fhórsa sa saol teicneolaíochta, agus mar sin tá gá práinneach le cur chuige nua-aimseartha agus straitéiseach a ghlacadh chun dúshláin na linne seo a shárú go héifeachtach. Aithníodh sa Phlean go bhfuil *"gá le corpais chainte ar mhórscála a dhearadh, a bhailiú agus a phróiseáil chun freastal ar riachtanais na mbunteicneolaíochtaí: sintéis, córais aitheanta agus comhráiteacha cainte [...] Caithfidh siad seo freastal ar na canúintí éagsúla Gaeilge*[2]*"*.

Tá forbairt theicneolaíocht na hurlabhra do chanúintí éagsúla na Gaeilge ina príomhthosaíocht ag Údarás na Gaeltachta. Tá roinnt oibre déanta go dtí seo ag *Abair.ie* maidir le forbairt seirbhísí urlabhra i gcanúintí éagsúla. Tá sé mar sprioc ag Údarás na Gaeltachta cur leis an obair sin agus luaitear i dtreochlár an Údaráis go mbeidh seirbhís glór-go-glór sna canúintí éagsúla seolta faoi dheireadh 2026. Seoladh *Canúint.ie*, togra comhoibríoch idir Fiontar & Scoil na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Cartlann RTÉ ag deireadh na bliana seo caite. Is tionscadal é *Canúint.ie* ina gcuirtear scothshamplaí de chanúintí réigiúnacha na Gaeilge ó Chartlann RTÉ i láthair an phobail. Tá 200 taifead as 12 chontae ann agus cuimsíonn siad na ceantair Ghaeltachta mar a thuigtear inniu iad agus ceantair ina bhfuil an teanga imithe i léig le fada an lá. Tá súil ag Údarás na Gaeltachta go mbeidh siad in ann cur leis an obair fhiúntach ar chanúintí na Gaeilge atá curtha gcrích ag Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, mar aon leis an obair atá déanta ag eagrais eile. Chun an aidhm seo a bhaint amach, tá an tÚdarás ag obair i gcomhpháirtíocht le hOllscoil na Gaillimhe chun na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 1 | Iniúchadh cuimsitheach agus córasach a dhéanamh ar na heagraíochtaí poiblí, institiúidí acadúla, agus eagraíochtaí Gaeilge |
| 2 | Liosta a chruthú a léireoidh na corpais go léir atá in Éirinn cheana féin |
| 3 | Eolas mionsonrach agus cuimsitheach a bhailiú faoi na hacmhainní atá ar fáil cheana féin |
| 4 | Anailís a dhéanamh ar cháilíocht, ar mhéid, agus ar fhormáid an ábhair |
| 5 | Catalógú a dhéanamh ar an ábhar ó eagrais ar nós Raidió na Gaeltachta, RTÉ, TG4, an Gúm agus foinsí eile |
| 6 | Scrúdú cúramach a dhéanamh ar aon |


[2] An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (2022) *Plean Digiteach don Ghaeilge: Teicneolaíochtaí Urlabhra agus Teanga 2023-2027*. Ar fáil: https://assets.gov.ie/static/documents/plean-digiteach-don-ghaeilge-41f65e29-500d-4e5a-93a0-204ef1f33b80.pdf.

CÁIPÉIS BHEO

| | |
|---|---|
| | cheisteanna teicniúla, dlíthiúla agus eiticiúla a bhaineann leis an ábhar |
| 7 | Measúnú a dhéanamh ar ábhar oiriúnach do thraenáil LLManna |

## *Mozilla Common Voice* (Féach: Mionfheachtas Togra 4.1)

Lena chois sin, mar chuid de shruthanna oibre eile a bhaineann le cúrsaí feasachta poiblí agus rannpháirtíochta pobail, tá sé beartaithe ag an Údarás tabhairt faoi scéim sluafhoinsithe trí chomhordú a dhéanamh ar thionscadal *Common Voice*, a chuirfidh go mór le hacmhainní fuaime atá ar fáil do thraenáil agus a thabharfaidh deis don phobal páirt ghníomhach a ghlacadh sa togra seo. Is éard is *Common Voice* ann ná ardán foinse oscailte saor in aisce inar féidir leis an bpobal bunachar sonraí de thaifeadtaí a bhailiú. Faoi láthair, níl ach 15 uair an chloig de thaifid i nGaeilge ar fáil ar *Common Voice*, líon íseal i gcomparáid le teangacha eile (Féach: Fíor 1).




*Fíor 1: Líon Uaireanta Taifeadta ar Common Voice 21/07/2025*

Is é aidhm fhadtéarmach an togra seo ná ábhar a sholáthar a chuirfidh ar chumas daoine labhairt le córais ghuthghníomhachtaithe mar *Siri* agus *Alexa* ina gcanúint dhúchasach féin, agus deis luachmhar a chur ar fáil chun nathanna cainte agus nósanna traidisiúnta a chaomhnú agus a thabhairt ar aghaidh don chéad ghlúin eile.

## Aschur

Beidh an corpas seo ar fáil go poiblí agus saor in aisce chun traenáil a dhéanamh ar innill IS, ag cruthú bunús láidir d'fhorbairt seirbhísí teicneolaíocha sofaisticiúla trí Ghaeilge. Cuirfidh an corpas seo ar chumas forbróirí agus taighdeoirí ar fud an domhain uirlisí IS a chruthú a bheidh in ann freastal ar riachtanais shainiúla phobal na Gaeilge agus na

Gaeltachta, agus a choimeádfaidh oidhreacht shaibhir theangeolaíoch na hÉireann beo do na glúnta atá le teacht.

## Dúshláin

Ní mór aghaidh a thabhairt ar thrí phríomhdhúshlán sa tionscadal seo:

- Ar an gcéad dul síos, beidh ar Údarás na Gaeltachta na daoine cuí a aimsiú sna heagraíochtaí éagsúla agus iad a mhealladh chuig an togra. Déanfaidh an tÚdarás teagmháil dhíreach le ceannairí sna heagraíochtaí ábhartha i gcomhar le hOllscoil na Gaillimhe chun buntáistí an togra a phlé leo.
- Ina dhiaidh sin, tá dúshlán teicniúil roimh an Údarás. Caithfear dul i ngleic le héagsúlacht mhór formáidí agus caighdeánú a dhéanamh ionas gur féidir iad a roinnt go poiblí. Oibreoidh an tÚdarás le saineolaithe teicniúla chun comhairle chuí a fháil ar na dúshláin seo.
- An tríú dúshlán ná na ceisteanna dlí maidir le cóipcheart, ceadúnais agus ceisteanna príobháideachta a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na hacmhainní éagsúla. Gheobhaidh an tÚdarás comhairle dlí speisialaithe chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo i gcomhar le húinéirí na n-acmhainní.

CÁIPÉIS BHEO

# Mórthogra - Gníomh 2: Áiseanna Digiteacha don Earnáil Phoiblí



## Fís

Is é aidhm Údarás na Gaeltachta a chinntiú go mbeidh deis ag aon duine teacht ar aon sheirbhís phoiblí trí Ghaeilge trí theicneolaíocht urlabhra agus téacs Gaeilge a chomhtháthú i ngach gné den earnáil phoiblí. Trí na teicneolaíochtaí seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go straitéiseach, tá súil ag an Údarás go mbeidh pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta in ann leas iomlán a bhaint as na huirlisí nua-aimseartha seo, rud a chuirfidh ar chumas ranna Stáit agus eagraíochtaí poiblí freastal go héifeachtach agus go proifisiúnta ar na dualgais a leagtar orthu faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (leasaithe 2021)*.

## Cúlra

Leagadh dualgais éagsúla agus thábhachtacha ar eagraíochtaí agus ranna stáit faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla* ionas go mbeadh siad in ann freastal mar is ceart ar phobal na Gaeilge ar fud na tíre. Cé go bhfuil an reachtaíocht seo i bhfeidhm agus cé go bhfuil tiomantas oifigiúil ann do sheirbhísí dátheangacha, tá dúshláin shuntasacha fós le sárú sa réimse seo. Trí leas a bhaint as na teicneolaíochtaí seo, beidh oifigigh Ghaeilge in ann díriú ar chur chun cinn na Gaeilge laistigh dá n-eagraíochtaí ar bhealach níos éifeachtaí.

I gcomhpháirtíocht le EY, d'eagraigh an tÚdarás ceardlann chun cásanna úsáide a fhorbairt d'uirlisí AI na Gaeilge san earnáil phoiblí. Bunaithe ar an gceardlann sin,

d'ullmhaigh EY Tuairisc ar Anailís Bearnaí agus Cás Gnó. Mar thoradh ar an tionscadal fiúntach sin, tá tuiscint níos fearr ag an Údarás ar na deiseanna agus na dúshláin atá romhainn sa réimse seo.

Fuair an tÚdarás tacaíocht ríthábhachtach airgeadais agus riaracháin ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rud a léiríonn ní hamháin tiomantas an Rialtais don togra straitéiseach seo ach freisin an comhoibriú tras-rannach atá riachtanach do chur i bhfeidhm an togra. Cinntíonn an chomhpháirtíocht seo go bhfuil na hacmhainní riachtanacha agus an tacaíocht institiúideach ag an togra chun a chuspóirí a bhaint amach.

Trí Nós Imeachta Comhpháirtíochta Nuálaíochta an AE, d'eisigh Údarás na Gaeltachta Fógra Réamhfhaisnéise (PIN) chun spéis agus cumas an mhargaidh a mheas. Tar éis freagraí a fháil, tá an tÚdarás ag déanamh athbhreithniú ar an gcéad chéim eile den phróiseas soláthair chun raon feidhme agus riachtanais na nósanna imeachta foirmiúla tairisceana a chinneadh. Cuimsítear san athbhreithniú seo torthaí ó athbhreithniú litríochta ar IP reatha sa réimse seo chomh maith le léargais a bailíodh trí chomhairliúchán poiblí a rinneadh i R4 2024, agus rinneadh anailís ar na freagraí i R1 2025. Chuir an Comhairliúchán Margaidh Oscailte ar chumas soláthraithe teicneolaíochta, taighde agus páirtithe leasmhara a saineolas agus a ndearcadh a sholáthar maidir le teicneolaíochtaí IS don Ghaeilge. Tá an saineolas agus dearcadh seo ag cur le treo straitéiseach an Údaráis don tionscnamh seo trí fhaisnéis ríthábhachtach margaidh a chur ar fáil maidir leis an dúshlán soláthair.

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc | Comhpháirtíocht |
|---|---|---|
| 1 | Anailís chuimsitheach a dhéanamh ar riachtanais reatha na hearnála poiblí maidir le seirbhísí Gaeilge ag obair go dlúth leis na ranna stáit éagsúla chun an áit a bhfuil na bearnaí is mó thuiscint go beacht | EY, Ranna agus Eagraíochtaí Stáit |
| 2 | Comhairliúchán leanúnach a dhéanamh leis an gCoimisinéir Teanga chun a chinntiú go bhfuil ár gcur chuige ag teacht le riachtanais reachtúla | An Coimisinéir Teanga |
| 3 | Tuairisc chuimsitheach agus cás gnó mionsonraithe a ullmhú a dhéanfaidh measúnú ar riachtanais shonracha na hearnála poiblí maidir le huirlisí teicneolaíochta Gaeilge | EY |
| 4 | Fréamhshamhail taispeántais a chur ar bun chun féidearthachtaí agus cumas na teicneolaíochta seo a léiriú go praiticiúil | OGCIO, Storm Technologies, Abair.ie |
| 5 | Comhoibriú leanúnach a dhéanamh leis an gCoiste Comhairleach um an nGaeilge sa Réimse Digiteach a bunaíodh ag Roinn na Gaeltachta chun comhordú agus treoir straitéiseach a chinntiú | Roinn na Gaeltachta agus Baill an Choiste |

CÁIPÉIS BHEO

| | | |
|---|---|---|
| 6 | Tairiscint a chur amach, más cuí, chun seirbhísí éagsúla a fháil d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm na hoibre seo | - |
| 7 | DAC a bhunú faoi úinéireacht an Údaráis mar ionad seirbhíse lárnach chun tacaíocht chuimsitheach a sholáthar d'eagraíochtaí Stáit ar fud na tíre | Roinn na Gaeltachta |
| 8 | Tionscadail phíolótacha a bhunú i ranna roghnaithe chun an uirlis a thástáil i dtimpeallacht fheidhmiúil | Ranna Roghnaithe |
| 9 | Modheolaíochtaí measúnaithe a úsáid a chuirfidh le cumas an Údaráis tionchar an tionscadail a mheas go beacht | - |
| 10 | Tacaíochtaí oiliúna a chur ar fáil do mhuintir na hearnála poiblí | - |

## Aschur

Beidh plean soiléir agus mionsonrach ag Údarás na Gaeltachta a chuimsíonn gach gné den fhorbairt teicneolaíochta ar an uirlis don earnáil phoiblí atá beartaithe, lena n-áirítear spriocanna soiléire, amlínte réadúla, agus bearta praiticiúla. Nuair a bheidh an plean críochnaithe agus ceadaithe, rachfar chun tairisceana, más cuí, le haghaidh seirbhísí teicniúla riachtanacha. Cruthófar córas comhtháite a chuirfidh ar chumas úsáideoirí rochtain a fháil ar réimse leathan seirbhísí trí Ghaeilge, lena n-áirítear córais glór-go-glór agus comhéadain úsáideora a oibreoidh le córais reatha na hearnála poiblí. Beidh an córas seo inaistrithe agus inscálaithe, rud a ligfidh don Údarás é a leathnú go mall agus go straitéiseach ar fud na hearnála poiblí ar fad. Freastalóidh an uirlis ar na canúintí éagsúla.

## Dúshláin

Caithfear soiléiriú a dhéanamh ar céard go díreach atá ag teastáil ó gach roinn agus eagraíocht, ós rud é go bhfuil éagsúlacht mhór sna riachtanais agus sna córais reatha atá in úsáid acu. Tá gá le hanailís dhomhain ar na próisis oibre reatha ionas gur féidir leis an Údarás na réitigh IS a dhearadh ar bhealach a chomhtháthóidh go nádúrtha leis an obair laethúil. Beidh comhráití leanúnacha ag teastáil leis an earnáil phoiblí agus leis an gCoimisinéir Teanga chun tuiscint chomhroinnte a fhorbairt ar chur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí seo gan cur isteach ar sheirbhísí reatha nó ar dhualgais reachtúla.

Ceann de na dúshláin is práinní ná togra cruthúnais coincheapa (POC) a chur le chéile a thabharfaidh trí chóras éagsúla (HubChat, Claude agus Abair.ie) le chéile faoi aon chóras amháin. Léireoidh an POC seo go mbeidh duine in ann labhairt le huirlis ar líne ina rogha canúint, agus tabharfaidh an uirlis freagra sa chanúint chéanna. Beidh gá le saineolas teicniúil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le comhéadan feidhmchláir (API), comhoiriúnacht, agus cosaint sonraí, mar aon le haird a thabhairt ar na caighdeáin riachtanacha maidir le slándáil, príobháideachas, agus inrochtaineacht.

CÁIPÉIS BHEO

Dúshlán eile ná corpas scríofa agus labhartha Gaeilge ar ardchaighdeán a bheith ar fáil lena chinntiú go mbeidh an caighdeán cuí ag an uirlis seo.

CÁIPÉIS BHEO

# Mórthogra - Gníomh 3: Feasacht ar chás na Gaeilge a mhéadú i measc na gComhlachtaí Móra IS

## Fís

Tá córais intleachta saorga anois ina gcuid riachtanach den saol laethúil - ó chúntóirí pearsanta ar nós *Siri* agus *Google Assistant* go dtí ardáin cosúil le *ChatGPT*, *Gemini*, agus *Microsoft Copilot*. Cé go bhfuil na córais seo ag athrú an chaoi a théann daoine i ngleic leis an teicneolaíocht, tá easpa mhór tacaíochta ann don Ghaeilge. Ní mór do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a bheith in ann leas a bhaint as na huirlisí sin ar fad trí Ghaeilge.

Chun sin a chur i gcrích, tá sé mar aidhm ag Údarás na Gaeltachta tabhairt faoi chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le comhlachtaí móra teicneolaíochta ar nós *OpenAI*, *Meta*, *Microsoft*, *Google* agus *Anthropic* chun cás na Gaeilge a chur chun cinn leo mar theanga dhigiteach. Tuigtear don Údarás go bhfuil ról lárnach ag na comhlachtaí seo i bhforbairt agus i scaipeadh na hinnealtóireachta IS, agus is mian leis an Údarás comhoibriú leo chun deiseanna nua a chruthú don Ghaeilge. Trí chomhpháirtíocht a bhunú, féadfar a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge san áireamh i bhforbairtí teicneolaíochta amach anseo agus go mbeidh teacht ag cainteoirí Gaeilge ar sheirbhísí teicneolaíochta trí mheán na Gaeilge.

## Cúlra

Go traidisiúnta, tá na comhlachtaí móra teicneolaíochta ag cur béim mhór ar mhórteangacha an domhain. De dheasca sin, tá teangacha atá gann acmhainní, an Ghaeilge mar shampla, fágtha ar leataobh. Cé go dtuigtear d'Údarás na Gaeltachta na cúiseanna tráchtála agus praiticiúla a bhaineann leis sin, tá deis ann anois tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do theangacha atá gann acmhainní trí chomhoibriú leis na comhlachtaí móra.

Tá feasacht ag méadú i measc na gcomhlachtaí ar nós *OpenAI*, *Meta*, *Microsoft*, *Google agus Anthropic* faoin tábhacht a bhaineann le héagsúlacht teanga agus cultúir. Is léir go bhfuil siad oscailte anois do dheiseanna ar mhaithe le nuálaíocht agus le forbairt inbhuanaithe do theangacha atá gann acmhainní. Tá an tAontas Eorpach ag cur béim ar fhorbairt teicneolaíochtaí teanga le tograí ar nós, tá *OpenEuroLLM* agus *ALT-EDIC - European Commission*. Go dtí go bhforbrófar Múnla Teanga Mór Eorpach oscailte (LLM), beidh ar an Údarás dul i dteagmháil leis na comhlachtaí móra seo agus comhpháirtíocht a bhunú leo chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa réimse seo.

CÁIPÉIS BHEO

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 1 | Páirtithe leasmhara straitéiseacha a shainaithint agus a mhealladh, ag cur béim ar na buntáistí a d'fhéadfadh teacht as an nGaeilge a áireamh ina bhforbairt teicneolaíochta |
| 2 | Cairt Phoiblí a sheoladh chuig comhlachtaí chun páirt a ghlacadh sa mhórfheachtas agus comhoibriú le dream ar bith a bhfuil suim acu oibriú leis an Údarás ar an togra seo faoi scáth na Cairte Poiblí |
| 3 | Comhdháil idirnáisiúnta a eagrú leis na comhlachtaí móra chun díriú ar chás teangacha atá gann acmhainní agus na riachtanais atá acu sa ré dhigiteach |
| 4 | Corpas a roinnt le comhlachtaí móra IS ionas go mbeidh Gaeilge d’ardchaighdeán ar na hardáin |
| 5 | Comhoibriú le grúpaí ar nós *ALT-EDIC* chun tacaíocht níos leithne a chinntiú don togra seo |

## Aschur

Tá Cairt Phoiblí leagtha amach agus tá súil ag an Údarás go mbeidh comhlachtaí móra teicneolaíochta sásta í a shíniú agus comhoibriú ar an togra seo. Trí fheasacht a mhéadú i measc na gcomhlachtaí teicneolaíochta móra, beidh an Ghaeilge níos feiceálaí ar na hardáin mhóra idirnáisiúnta le himeacht aimsire.

## Dúshláin

An príomhdhúshlán ná na comhlachtaí móra a mhealladh agus a bheith rannpháirteach sa togra, rud a d'fhéadfadh a bheith deacair mar gheall ar a dtosaíochtaí tráchtála reatha. Caithfear na daoine cearta a aimsiú laistigh de na heagraíochtaí seo - daoine a bhfuil suim acu sa togra agus a bhfuil tionchar acu ar chinntí straitéiseacha.

CAIPÉIS BHEO

Údarás na Gaeltachta

# Próifíl Óige: Feasacht agus Scileanna IS a Fhorbairt i measc Óige na Gaeltachta




## Fís

Is é aidhm Údarás na Gaeltachta glúin óg a chothú a bheidh compordach agus muiníneach ag úsáid uirlisí intleachta saorga, agus a bheidh ag súil go nádúrtha leis na huirlisí seo a úsáid trí mheán na Gaeilge. Tá an tÚdarás ag féachaint le glúin a chothú nach mbraithfidh teoranta ag úsáid na Gaeilge sa spás digiteach, ach a fheicfidh an teanga mar bhealach nádúrtha chun teicneolaíocht a úsáid. Trí ábhar a chruthú don óige ag úsáid teicneolaíochtaí giniúna IS, tabharfar deis dóibh a n-ábhar féin a chruthú i nGaeilge agus a bheith páirteach i bhforbairt cultúir dhigitigh na Gaeilge.

## Cúlra

Feictear nach bhfuil an raon céanna ábhair don aos óg ar fáil i nGaeilge agus atá i mBéarla, rud a chuireann teorainn leis na roghanna atá ag úsáideoirí óga. Tá easpa ábhair ar ardchaighdeán ar fáil i nGaeilge ar ardáin cosúil le *YouTube* agus seirbhísí sruthaithe eile. Chuirfeadh teicneolaíochtaí nua IS deis iontach ar fáil an bhearna seo a líonadh trí chur go mór leis an raon ábhair atá ar fáil i nGaeilge i ngach réimse den saol.

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 1 | Tús a chur le tionscadail a spreagfaidh óige na Gaeltachta a gcuid scileanna teicneolaíochta a fhorbairt trí mheán na Gaeilge |
| 2 | Comórtas físeán a reáchtáil (Féach: Mionfheachtas Togra 4.6) ag úsáid intleacht shaorga chun cruthaitheacht agus nuálaíocht a spreagadh i measc na hóige agus a léireoidh na deiseanna a bhaineann leis an teicneolaíocht seo |

## Aschur

Faoi dheireadh an togra seo, measann Údarás na Gaeltachta go mbeidh leibhéal ard feasachta ar chúrsaí IS forbartha i measc óige na Gaeilge agus na Gaeltachta, rud a chuirfidh ar a gcumas cinntí eolasacha a dhéanamh faoi úsáid na dteicneolaíochtaí seo ina saol laethúil. Beifear ag súil do dtabharfaidh an fheasacht seo ardú meanma don aos óg, agus go bhfeicfidh siad go mbeidh na deiseanna céanna acu mar chainteoirí Gaeilge is a bheidh acu siúd a úsáideann teangacha móra an domhain, go háirithe i réimsí fostaíochta agus teicneolaíochta. Beidh siad níos compordaí ag lorg seirbhísí Gaeilge ó ghrúpaí éagsúla, toisc go mbeidh tuiscint acu ar na deiseanna teicneolaíochta atá ann. Cruthófar tuiscint eatarthu go bhfuil an Ghaeilge ábhartha sa domhan nua IS.

## Dúshláin

Ceann de na príomhdhúshláin a bheidh roimh Údarás na Gaeltachta ná conas daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa togra seo. Tuigeann an tÚdarás go bhfuil roinnt tuismitheoirí agus múinteoirí ann a bhfuil imní orthu faoi na teicneolaíochtaí seo, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar rannpháirtíocht.



# Lucht Gnó agus Fiontair - Straitéis IS don Ghaeilge

## Fís

Is é fís Údarás na Gaeltachta timpeallacht fiontraíochta bheoga a chruthú a mbeidh an Ghaeilge ina croílár d'fhorbairt teicneolaíochta IS in Éirinn. Tá an tÚdarás tiomanta do thimpeallacht nuálach a chruthú ina mbeidh fiontair Ghaeltachta in ann glacadh le teicneolaíochtaí nua go héasca. Trí thacaíocht chuimsitheach a chur ar fáil d'fhiontair nua agus do gnólachtaí atá ann cheana, cruthófar earnáil nua seirbhísí Gaeilge atá bunaithe ar theicneolaíocht chumasach, rud a neartódh seasamh na Gaeilge sa domhan digiteach.

## Cúlra

Tá an earnáil gnó in Éirinn ag tabhairt aghaidh ar athruithe móra de bharr forbairt teicneolaíochtaí le déanaí. Cé go bhfuil deiseanna suntasacha ann, tá baol ann freisin go bhfágfar pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta mar aon le fiontair bheaga ar an imeall mura ndéanfar gníomh cuí. Tá sé riachtanach go gcuirfear tacaíocht ar leith ar fáil chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge ina cuid den chéad ghlúin teicneolaíochta eile. Tá gá le cur chuige straitéiseach a dhéanfaidh ceangal idir fiontraithe, institiúidí oideachais, agus eagraíochtaí Gaeltachta chun timpeallacht chomhtháite a chruthú a chumasóidh nuálaíocht agus fás inbhuanaithe. Tá deiseanna ann uirlisí sa ré dhigiteach nua seo a cheangal le hobair i réimsí amhail pleanáil, cumarsáid, anailís agus acmhainní daonna.

## Treochlár do Thionscail na Cruthaitheachta Digití 2024-2026 – An tIarthar ina Lárionad Cruthaitheachta

Tá iarthar na hÉireann luaite ina mhol cruthaitheachta sa Treochlár do Thionscail na Cruthaitheachta Digití. Mar chuid den togra seo, creideann Údarás na Gaeltachta go bhfuil deis iontach ann an obair atá déanta go dtí seo a threisiú agus pobal na hearnála seo a chumasú le tabhairt faoi na dúshláin agus na deiseanna i ré nua IS.

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 1 | Tús a chur le clár ceadúnais IS a fhorbairt a chuirfeadh ar chumas fiontair Ghaeilge teicneolaíochtaí IS a úsáid mar bhealach chun smaointe nua a thástáil agus a gcuid táirgí agus seirbhísí a fheabhsú |
| 2 | Tacaíochtaí cuimsitheacha oiliúna a chur ar fáil do pháirtithe a bhfuil suim acu sa réimse seo, lena n-áirítear comhairle theicniúil agus teacht ar acmhainní IS |
| 3 | Cláir oiliúna a fhorbairt a chuirfidh le feasacht i measc fiontraithe maidir leis na buntáistí agus deiseanna a bhaineann le IS don Ghaeilge |

CÁIPÉIS BHEO

## Aschur

Beidh an Ghaeltacht ina heiseamláir maidir le glacadh le teicneolaíochtaí IS i bpobail teanga atá gann acmhainní, rud a tharraingeoidh aird idirnáisiúnta agus a chuirfidh le clú na hÉireann ina ceannaire sa nuálaíocht teicneolaíochta. Cruthófar margadh nua d'fhiontair Ghaeilge a bheidh bunaithe ar sheirbhísí IS, rud a chuirfidh deiseanna fostaíochta nua ar fáil agus a chuirfidh le héagsúlacht gheilleagrach na gceantar Gaeltachta. Beidh méadú ar líon na bhfiontar Gaeltachta a bheidh ag úsáid teicneolaíochtaí IS chun a gcuid oibríochtaí a fheabhsú agus chun seirbhísí nua a fhorbairt. Beidh gréasán láidir de chomhlachtaí agus saineolaithe ag obair le chéile chun na deiseanna seo a fhorbairt agus an t-infreastruchtúr Gaeltachta a neartú.

## Dúshláin

Ceann de na príomhdhúshláin ná an gá atá le scileanna teicniúla a fhorbairt i measc fiontraithe Gaeltachta, rud a d'fhéadfadh am agus acmhainní suntasacha a ghlacadh. Tá dúshlán ann freisin maidir le maoiniú a fháil d'fhiontair nua i réimse atá fós ag forbairt, go háirithe i gcomhthéacs na riachtanas chun infheistíocht shuntasach a dhéanamh i dtaighde agus i bhforbairt. Caithfear aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le cáilíocht agus le riachtanais sonraí oiliúna don IS, rud a d'fhéadfadh a bheith teoranta i gcás na Gaeilge.

BHEO



# Pobal - Straitéis IS don Ghaeilge

## Fís

Is é fís an togra seo ná pobal Gaeltachta a chruthú a bheidh ábalta úsáid a bhaint as deiseanna teicneolaíochta IS chun a gcultúr, a dteanga, agus an geilleagar a neartú. Tá an tÚdarás tiomanta go mbeidh an Ghaeilge beo agus infheicthe ar na hardáin teicneolaíochta is nua-aimseartha, rud a thabharfaidh seasamh don teanga sa todhchaí dhigiteach. Trí fheasacht an phobail a mhéadú agus deiseanna a chur ar fáil, cruthófar timpeallacht ina mbeidh an óige, fiontair, agus pobal na Gaeltachta go léir ábalta páirt ghníomhach a ghlacadh sa réabhlóid teicneolaíochta seo. Tá sé ar intinn ag an Údarás go mbeadh rogha canúintí ar fáil ar na hardáin teicneolaíochta atá bainteach leis an togra seo, rud a léireoidh saibhreas agus éagsúlacht na Gaeilge mar theanga bheo.

## Cúlra

Cé go bhfuil sé léirithe arís agus arís eile ag pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta go bhfuil siad in ann dul in oiriúint do chúinsí nua agus glacadh le hathruithe, tá baol ann go bhfágfar ar an imeall iad mura ndéanfar gníomh cuí anois. Tá gá le cur chuige cuimsitheach a chuirfidh an pobal ar an eolas faoi na deiseanna a bhaineann le IS agus a thabharfaidh na scileanna agus na hacmhainní riachtanacha dóibh chun bheith rannpháirteach sa réimse seo.

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 1 | Tús a chur le feachtas feasachta ina scaipfear eolas faoi dheiseanna IS i measc gach leibhéal de phobal na Gaeilge, ó scoileanna agus clubanna óige go grúpaí pobail agus eagraíochtaí deonacha |
| 2 | An Ghaeltacht a neartú mar ionad teicneolaíochta trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar digiteach agus trí thacaíocht a chur ar fáil d'fhiontair áitiúla |
| 3 | Obair a dhéanamh le forbróirí agus le comhlachtaí teicneolaíochta chun a chinntiú go mbeidh rogha canúintí ar fáil ar na hardáin go léir, ag léiriú éagsúlacht shaibhir na Gaeilge |
| 4 | Deiseanna fostaíochta nua a chruthú trí chlár tacaíochta a chur ar fáil d'fhiontair áitiúla agus do dhaoine aonair a bhfuil fonn orthu gnó nua a thosú sa réimse seo |

CÁIPÉIS BHEO

## Aschur

Beidh pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ar an eolas faoi dheiseanna IS agus beidh na scileanna acu chun iad a thapú lánúsáid a bhaint astu. Cruthófar deiseanna fostaíochta agus fiontraíochta nua a chuirfidh le hacmhainneacht eacnamaíoch na gceantar Gaeltachta agus cruthófar deiseanna freisin chun go mbeidh daoine óga in ann fanacht ina gceantar dúchais.

Aithneofar an Ghaeltacht mar shampla de bhealach ar féidir le pobail teanga atá gann in acmhainní bláthú sa ré dhigiteach. Beidh an Ghaeilge ar fáil ar ardáin éagsúla teicneolaíochta, rud a chuirfidh le saibhreas agus le hinrochtaineacht na teanga. Beidh glúin nua d'fhiontraithe óga ag cruthú samhail d'fhás inbhuanaithe atá bunaithe ar chultúr agus ar theanga.

## Dúshláin

Ceann de na príomhdhúshláin ná an riachtanas atá ann leibhéal áirithe scileanna teicniúla a fhorbairt i measc pobal nach bhfuil taithí fhairsing acu ar na teicneolaíochtaí nua seo. Caithfear aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach a d'fhéadfadh bheith ann idir daoine óga agus daoine níos sine, agus idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe.

CÁIPÉIS BHEO

# Mionfheachtas Togra 4.1: *Mozilla Common Voice* - Straitéis IS don Ghaeilge

## Fís

Is é aidhm Údarás na Gaeltachta pobail na Gaeilge agus na Gaeltachta a thabhairt le chéile chun tabhairt faoi thogra ar *Mozilla Common Voice*. Is éard is *Common Voice* ann ná ardán foinse oscailte saor in aisce atá dírithe ar chruthú sonraí faoi stiúir an phobail. Mar an tacar sonraí cainte ilteangach is mó ar domhan le breis is 130 teanga, cuireann *Common Voice* deis ar fáil chun teicneolaíochtaí urlabhra agus IS a dhaonlathú. Cruthóidh an tÚdarás corpas cuimsitheach fuaime agus téacs faoi cheadúnas saor oscailte a thabharfaidh deis d'aon eagraíocht é a úsáid chun áiseanna teicneolaíochta trí Ghaeilge a fhorbairt.

## Cúlra

Léiríonn taighde idirnáisiúnta sa Bhreatain Bheag, sa Chatalóin, in Albain agus i dTír na mBascach an tábhacht a bhaineann le corpais d'fhorbairt teicneolaíochta i mionteangacha. Tá seirbhísí IS ar fáil anois i roinnt mionteangacha de bharr go bhfuil corpais chuimsitheacha acu. Cé gur féidir sonraí a bhailiú trí mhodhanna cnuaschóipeála (*scraping*), tá corpas oscailte poiblí riachtanach chun forbairt inbhuanaithe a chinntiú agus chun smacht a choinneáil ar cháilíocht na sonraí.

Tá Údarás na Gaeltachta ag obair le foireann *Common Voice* chun an toradh is fearr a chinntiú don Ghaeilge. I measc foinsí eile, tá sé ar intinn ag an Údarás a bhunachar sonraí féin a úsáid chun cur le líon na n-abairtí Gaeilge ar Common Voice. Ó mhí Iúil 2025, níl ach 1,526 abairt Gaeilge ar an suíomh i gcomparáid le 1,603,657 abairt sa Bhéarla. Tá gné nua ar a dtugtar *Spontaneous Speech* seolta ag *Common Voice* ina bhfreagraíonn cainteoirí ceisteanna go spontáineach, rud a chruthaíonn deis caint nádúrtha dhúchasach a thaifeadadh. Ní raibh an ghné seo ar fáil i nGaeilge nuair a seoladh é, ach i gcomhar leis an Údarás, cuireadh é ar fáil do phobal na Gaeilge.

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 1 | Feachtas margaíochta a chur le chéile a bheidh dírithe go sonrach ar phobal na Gaeltachta chun sluafhoinsiú a dhéanamh ar ábhar cainte ar *Common Voice* agus cur chun cinn gníomhach a dhéanamh chun cainteoirí saineolaithe a mhealladh chuig an tionscadal ó ilchanúintí |
| 2 | Obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí oideachais agus eagraíochtaí cosúil le hOllscoil na Gaillimhe, Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Chorcaí, scoileanna áitiúla, |

CÁIPÉIS BHEO

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| | comharchumainn Ghaeltachta, oifigigh pleanála teanga agus a bpobail chun líonra láidir tacaíochta a chruthú don togra |
| 3 | Straitéis chumarsáide iolsruthach a fhorbairt chun teachtaireacht shoiléir a scaipeadh faoin tábhacht a bhaineann leis an togra seo |
| 4 | Comhpháirtíocht a dhéanamh le teangeolaithe Gaeilge chun tacú leis an bpróiseas bailíochtaithe ar *Common Voice* chun a chinntiú go bhfuil siad ceart, cruinn, agus nádúrtha ó thaobh na Gaeilge |
| 5 | Gach taifeadadh den fheachtas a stóráil ar fhreastalaithe an Údaráis mar aon le freastalaithe *Mozilla Common Voice* le haghaidh clár comhthreomhar eile |

## Aschur

Cruthófar corpas cuimsitheach ilchanúnach cainte Gaeilge ina mbeidh taifeadtaí fuaime bailíochtaithe in éineacht le tras-scríbhinní cruinne, a chlúdóidh canúintí Uladh, Chonnacht agus na Mumhan chomh maith le fo-chanúintí réigiúnacha. Cuirfidh an tacar sonraí saor oscailte seo ar chumas forbróirí cúntóirí gutha Gaeilge, seirbhísí trascríbhneoireachta, córais téacs-go-caint, agus uirlisí inrochtaineachta a fhorbairt.

Clúdóidh an corpas taifeadtaí de dhaoine ag léamh abairtí os ard agus taifeadtaí de dhaoine ag labhairt go spontáineach araon, ag cur sonraí teangeolaíocha ar fáil chun oiliúint a chur ar shamhlacha IS. Cinnteoidh dearbhú cáilíochta trí bhailíochtú teangeolaíoch go bhfuil cruinneas na cainte agus na gcanúintí ar ard-chaighdeán. Cinnteoidh sé seo go mbeidh acmhainn den chaighdeán is airde ann don Ghaeilge.

Cuirfidh sé seo le seasamh na Gaeilge mar theanga dhigiteach, ag cinntiú go mbeidh an deis ag forbróirí an teanga a chur ar fáil ar fhóin phóca, ar chórais cosúil le Alexa nó Google Home, nó ar chórais gluaisteáin. Léireoidh an togra go bhfuil sé ar chumas pobail mionteanga acmhainní teicneolaíochta den scoth a chruthú, agus b'fhéidir go spreagfaidh sé tíortha eile an rud céanna a dhéanamh.

## Dúshláin

Braitheann Mozilla Common Voice ar bhailíochtú pobail seachas ar shaineolas teangeolaíochta, rud a d'fhéadfadh botúin fhuaimnithe nó guthanna neamhdhúchasacha a cheadú. Chun aghaidh a thabhairt air seo, tá sé tábhachtach go mbeidh saineolaithe teangeolaíochta mar chuid den phróiseas bailíochtaithe. D'fhéadfadh sé a bheith ina dhúshlán freisin rannpháirtithe a mhealladh agus líon leordhóthanach cainteoirí dúchasacha a aimsiú sna canúintí éagsúla.

Ní mór freisin aghaidh a thabhairt ar dhúshláin theicniúla maidir le cáilíocht fuaime agus caighdeáin bailithe sonraí. Ba cheart go mbeadh meadrachtaí foilsithe *Common Voice* —

CÁIPÉIS BHEO

uaireanta taifeadta, abairtí curtha isteach, céatadáin bailíochtaithe srl. — ina mbealach chun a chinntiú go bhfreastalaíonn forbairt teicneolaíochta ar riachtanais an phobail teanga seachas a bheith ina gcríoch iontu féin.

Tá leibhéal rannpháirtíochta pobail i measc phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta araon ar chomhchéim leis an méid seo. D'ainneoin seo, féadann seasamh na hÉireann mar cheanncheathrú Eorpach do na príomhchomhlachtaí teicneolaíochta deiseanna uathúla a sholáthar don Ghaeilge mar theanga lárnach sa ré dhigiteach.

CÁIPÉIS BHEO

# Mionfheachtas Togra 4.2: Cruthúnas Coincheapa don Earnáil Phoiblí: *HubChat*, *Claude*, *Abair.ie* - Straitéis IS don Ghaeilge

## Fís

Is é fís Údarás na Gaeltachta togra cruthúnais coincheapa (POC) a fhorbairt a nascfaidh teicneolaíochtaí IS chun seirbhís chuimsitheach Gaeilge a chur ar fáil don earnáil phoiblí. Beidh an tÚdarás ag comhoibriú leis an OGCIO, Storm Technologies agus Abair.ie chun é seo a chur i bhfeidhm. Is é aidhm an togra seo áiseanna téacs agus urlabhra a sholáthar don Ghaeilge, rud a chruthóidh samhail nua don chaoi ar féidir leis an earnáil phoiblí freastal ar chainteoirí Gaeilge. Tá na páirtithe leasmhara tiomanta córas a chruthú ina mbeidh daoine in ann labhairt leis an uirlis ina gcanúint féin, agus go dtiocfaidh an freagra ar ais chucu sa chanúint sin.

## Cúlra

Tá an earnáil phoiblí in Éirinn ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán suntasach maidir le seirbhísí digiteacha a chur ar fáil trí Ghaeilge. Cé go bhfuil tiomantas oifigiúil ann do sheirbhísí dátheangacha, is minic a bhíonn na seirbhísí Gaeilge teoranta nó lag i gcomparáid lena gcomhpháirtithe Béarla. Le déanaí, tá feabhas tagtha ar theicneolaíochtaí IS, a chruthaíonn deiseanna nua chun an bhearna seo a líonadh, go háirithe i réimsí aitheanta cainte, sintéise cainte, agus próiseála teanga nádúrtha.

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 1 | Anailís theicniúil a dhéanamh ar chomhoiriúnacht API idir na córais, agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin theicniúla a bhaineann leis sin, le cosaint sonraí agus le comhtháthú na gcóras |
| 2 | A chinntiú go gcomhlíonann gach gné den togra na caighdeáin riachtanacha maidir le slándáil, príobháideachas, agus inrochtaineacht |
| 3 | Trialacha píolótacha a reáchtáil le grúpaí úsáideoirí san earnáil phoiblí chun aiseolas luachmhar a fháil agus chun an córas a fheabhsú |

## Aschur

Beidh POC oibríochtúil forbartha ag na páirtithe leasmhara a léireoidh go soiléir na féidearthachtaí atá ann seirbhísí Gaeilge a sholáthar trí theicneolaíocht IS san earnáil phoiblí. Beidh torthaí measúnaithe ar leibhéal Gaeilge an chórais agus éifeachtacht comhoibrithe an chórais mar chuid den aschur.

CÁIPÉIS BHEO

Beidh POC forbartha ag na páirtithe leasmhara a léireoidh go soiléir na féidearthachtaí atá ann chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar trí theicneolaíocht AI san earnáil phoiblí. Léireoidh an POC seo go bhfuil Éire ábalta a bheith chun tosaigh maidir le nuálaíocht i seirbhísí poiblí ilteangacha, rud a d'fhéadfadh aird idirnáisiúnta a tharraingt agus a bheith mar shampla do theangacha eile.

## Dúshláin

Is é an príomhdhúshlán ná trí chóras éagsúla a nascadh le chéile i gcóras aontaithe amháin. Beidh saineolas domhain i réimsí API, comhoiriúnachta córas, agus ailtireachta bogearraí riachtanach don togra seo. Caithfear aghaidh a thabhairt ar cheisteanna casta cosanta sonraí, go háirithe i gcomhthéacs na hearnála poiblí, áit ina bhfuil caighdeáin dhochta maidir le príobháideachas agus slándáil.

Tá dúshlán ann freisin maidir le cáilíocht agus cruinneas na seirbhísí aistriúcháin agus aitheanta cainte a chinntiú, mar aon leis an gcaoi a bheifear ábalta déileáil le canúintí éagsúla agus le téarmaíocht speisialta na hearnála poiblí. Caithfear a chinntiú go gcomhlíonann an córas na caighdeáin riachtanacha maidir le hinrochtaineacht, rud a d'fhéadfadh dúshláin bhreise a chruthú i dtaobh dearadh comhéadain agus feidhmiúlachta.

Baol eile ná go mbeidh daoine ag súil le córas gan locht sa chéad leagan den POC, rud nach bhfuil réalaíoch agus mar sin, caithfear cumarsáid shoiléir a dhéanamh faoi fhéidearthachtaí an POC.

CÁIPÉIS BHEO

# Mionfheachtas Togra 4.3: Comhdháil IS agus Mionteangacha - Straitéis IS don Ghaeilge



## Fís

Tá sé mar aidhm ag Údarás na Gaeltachta comhdháil idirnáisiúnta a reáchtáil sa chéad ráithe de 2026 chun díriú ar cheann de na ceisteanna móra dár ré - an gaol atá idir an IS agus teangacha an domhain atá gann acmhainní. Tá an tÚdaras tiomanta d'ócáid a eagrú a chuirfidh an Ghaeilge ar an stáitse domhanda agus a léireoidh don saol mór an tábhacht a bhaineann le háiseanna IS a chur ar fáil sna teangacha sin. Trí chomhpháirtíocht straitéiseach le páirtithe leasmhara, tá súil go cruthófar ardán a thabharfaidh deis do chomhlachtaí LLManna an obair atá ar siúl acu le teangacha atá gann acmhainní a léiriú. Beidh deis ann freisin ag ionadaithe ó theangacha éagsúla a gcás a chur chun cinn.

## Cúlra

Tá comhráití tosaigh curtha i gcrích ag an Údarás le páirtithe éagsúla maidir leis an gcomhdháil seo. Tuigtear don Údarás go bhfuil ról ar leith ag Éirinn i réimse na teicneolaíochta agus na nuálaíochta. Léiríonn toilteanas na bpáirtithe leasmhara go dtí seo an tuiscint atá acu ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an togra seo, ní hamháin don Ghaeilge ach d'Éirinn mar thír den Aontas Eorpach. Tá dhá chomhdháil eagraithe ag an Údarás go dtí seo, ag díriú ar chás na Gaeilge agus samplaí idirnáisiúnta.

Ó thaobh teangacha atá gann acmhainní agus an IS, tá an comhthéacs idirnáisiúnta an-tábhachtach freisin, toisc go bhfuil tíortha eile ar fud an Aontais Eorpaigh ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin den chineál céanna lena dteangacha féin a chosaint agus a chur chun cinn sa ré IS. Tá an deis ann líonra idirnáisiúnta a chruthú de thíortha agus

d'eagraíochtaí atá tiomanta do chearta teanga agus d'éagsúlacht chultúir a chaomhnú sa réimse teicneolaíochta.

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 1 | Aontú a fháil idir na páirtithe éagsúla tabhairt faoin gcomhdháil seo a eagrú agus tús a chur leis an bpleanáil don chomhdháil |
| 2 | Acmhainní foirne agus buiséad a aimsiú as cistí an Údaráis |
| 3 | Fógra a chur chuig na comhlachtaí móra IS (*Meta*, *Anthropic*, Google, *Microsoft*, *OpenAI* srl,.) chun deis a thabhairt dóibh na seirbhísí do theangacha atá gann acmhainní a mhéadú ar a gcuid ardáin |
| 4 | Clár cuimsitheach a fhorbairt don chomhdháil, a chlúdóidh mórcheisteanna ar nós feidhmiú praiticiúil, dúshláin theicniúla agus impleachtaí polasaí |
| 5 | Feachtas poiblíochta a chur i bhfeidhm a mhéadóidh feasacht ar an gcomhdháil agus a tharraingeoidh freastalaithe ó réimsí éagsúla lena n-áirítear an saol acadúil, earnáil na tionsclaíochta, agus rialtais |
| 6 | Iarracht a dhéanamh maoiniú a fháil ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear cúnamh ó chomhlachtaí teicneolaíochta agus ó eagraíochtaí cultúrtha |

CÁIPÉIS BHEO

## Aschur

Reáchtálfar comhdháil IS ina leagfar béim ar leith ar an nGaeilge agus ar theangacha eile atá gann acmhainní ar fud an domhain, a léireoidh an tábhacht a bhaineann leo sa todhchaí teicneolaíochta. Beidh ardán ag Údarás na Gaeltachta ina mbeidh comhlachtaí móra teicneolaíochta ábalta labhairt faoin obair atá ar siúl acu ar na teangacha, rud a mheallfaidh iad níos mó a dhéanamh sa réimse seo. Bunófar líonra idirnáisiúnta de thíortha agus d'eagraíochtaí atá tiomanta do chearta na dteangacha seo i saol na teicneolaíochta, líonra a bheadh ábalta leanúint ag obair le chéile i ndiaidh na comhdhála dá mbeidís ag iarraidh.

Ullmhófar tuairisc chuimsitheach ar an gcomhdháil agus forbrófar moltaí do pholasaithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcaoi a théann rialtais agus comhlachtaí teicneolaíochta i ngleic le teangacha atá gann acmhainní amach anseo.

## Dúshláin

Teastaíonn pleanáil chuimsitheach agus comhordú casta idir páirtithe éagsúla chun comhdháil mhór idirnáisiúnta a eagrú. Beidh ar an Údarás comhpháirtíochtaí láidre a chothú le heagraíochtaí leasmhara agus a chinntiú go bhfuil na hacmhainní agus an

saineolas riachtanach ar fáil. Tá dúshlán ann maoiniú leordhóthanach a aimsiú don chomhdháil chomh maith.

Caithfear dóthain fógra a thabhairt do na comhlachtaí móra teicneolaíochta chun a chinntiú go mbeidh a gcuid feidhmeannaigh sinsearacha ar fáil. Chomh maith, beidh ar an Údarás cothromaíocht a fháil idir riachtanais na Gaeilge, agus riachtanais na dteangacha eile ag an gcomhdháil chun a chinntiú go mbaineann siad a gcuspóirí féin amach. Caithfear freisin a chinntiú go mbeidh an chomhdháil tarraingteach do na meáin chumarsáide idirnáisiúnta ionas go bhfaighfear an clúdach a theastaíonn chun cás na dteangacha atá gann acmhainní a scaipeadh go forleathan.

CÁIPÉIS BHEO

# Mionfheachtas Togra 4.4: Tagarmharcanna – Straitéis IS don Ghaeilge

## Fís

Is é an aidhm atá leis an réimse oibre seo ná córas tagarmharcanna a chruthú a chuirfidh ar chumas rialtas, eagraíochtaí, agus taighdeoirí dul chun cinn a thomhas i bhforbairt samhlacha IS don Ghaeilge. Trí shraith tagarmharcanna a fhorbairt, beifear in ann caighdeáin a leagan síos do LLManna Gaeilge agus feabhas leanúnach a spreagadh sa réimse seo. Tá sé mar aidhm ag Údarás na Gaeltachta clár tagartha domhanda a chruthú a chuirfidh an Ghaeilge ar aon leibhéal le teangacha eile maidir le hinrochtaineacht agus le caighdeán na dteicneolaíochtaí IS atá ar fáil.

## Cúlra

Cé go bhfuil dúshláin aitheanta ó thaobh a bheith ag brath ar thagarmharcanna, is féidir leo a bheith fíorluachmhar chun úsáid teanga a chur chun cinn. Cuireann tagarmharcanna uirlisí riachtanacha ar fáil do rialtais, d'eagraíochtaí, agus do thaighdeoirí chun monatóireacht a dhéanamh ar shamhlacha, agus tagann feabhas ar shamhlacha dá bharr sin. Tá an próiseas seo riachtanach don Ghaeilge mar theanga a bhfuil easpa sonraí oiliúna ar ardchaighdeán aici.

Tá sé ar intinn ag Údarás na Gaeltachta tairiscint a chur ar eTenders le haghaidh sraith chuimsitheach tagarmharcanna a fhorbairt a mheasfaidh cumas LLManna i réimse leathan tascanna teangeolaíocha agus réasúnaíochta. Cruthófar tábla soiléir a léireoidh leibhéal na LLManna éagsúla ó thaobh feidhmíochta, agus beidh an tábla seo á úsáid le spreagadh a thabhairt do na LLManna chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar an leibhéal Gaeilge atá acu. Cinnteoidh an togra seo trédhearcacht agus inchomparáideacht i measc na LLManna éagsúla.

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 1 | An próiseas soláthair a eagrú ar bhealach nuálach a chuirfidh deis ar fáil d'eagraíochtaí difriúla cur isteach ar thascanna ar leith de réir a saineolais agus a dtaithí |
| 2 | An obair a roinnt i gcúig réimse éagsúla agus grúpaí taighde ionas go mbeidh grúpaí taighde in ann cur isteach ar aon cheann acu, ag brath ar a gcumas agus taithí ar bheith ag forbairt tagarmharcanna |
| 3 | Cur ar chumas saineolaithe i réimsí áirithe díriú ar na tascanna is oiriúnaí dóibh agus a oireann dá scileanna agus dá dtaithí. |

CÁIPÉIS BHEO

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 4 | Gach tairiscint a mheas ar a fiúntas féin agus ar chaighdeán na hoibre a mholtar, agus tosaíocht a thabhairt do ghrúpaí a léiríonn tuiscint dhomhain ar na dúshláin shonracha a bhaineann le forbairt tagarmharcanna don Ghaeilge |
| 5 | Béim ar leith a chur ar chomhoibriú agus ar chomhpháirtíocht idir na dreamanna éagsúla a roghnaítear |
| 6 | Struchtúr bainistíochta a chruthú a dhéanfaidh comhordú idir na grúpaí éagsúla agus a chinnteoidh go bhfuil na tagarmharcanna go léir ag obair i dtreo na gcuspóirí céanna |

CAIPÉIS BHEO

## Aschur

Meastar go dtabharfaidh an tionscadal seo sraith tagarmharcanna a mbeidh tionchar domhanda acu ar fhorbairt samhlacha IS don Ghaeilge. Beidh na tagarmharcanna ina n-uirlisí tábhachtacha do thaighdeoirí agus d'fhorbróirí chun caighdeán a gcuid samhlacha a mheas agus a fheabhsú. Cruthófar clár tábla ó thaobh na samhalacha is fearr agus déanfar é a fhoilsiú go poiblí ar bhonn rialta. Tabharfaidh seo léargas soiléir ar fheidhmíocht na samhlacha éagsúla le himeacht ama, rud a spreagfaidh iomaíocht dhearfach agus nuálaíocht leanúnach sa réimse. Beifear in ann comparáid dhíreach a dhéanamh idir samhlacha difriúla, rud a chuideoidh le húsáideoirí an rogha is fearr a dhéanamh dá riachtanais shonracha.

Ina theannta sin, cuirfidh na tagarmharcanna seo leis an gcorpas taighde atá ar fáil don Ghaeilge agus cuirfidh siad bonn daingean faoi fhorbairt bhreise sa todhchaí. Beifear in ann na sonraí a úsáid chun patrúin agus treochtaí a aithint i bhfeidhmíocht LLManna. Beidh sé níos éasca, freisin, réimsí a shainaithint ina bhfuil tuilleadh taighde de dhíth orthu. Spreagfaidh sé seo infheistíocht bhreise i dteicneolaíochtaí IS don Ghaeilge ón earnáil phoiblí agus phríobháideach araon.

## Dúshláin

Ceann de na príomhdhúshláin a bheidh ann ná a chinntiú go bhfuil comhordú éifeachtach déanta idir na dreamanna éagsúla a bheidh páirteach sa tionscadal. Beidh dúshlán ann raon leathan eagraíochtaí agus grúpaí leis na scileanna cuí a mhealladh le cur isteach ar an obair seo. Ós rud é nach meastar go bhfuil an taithí iomlán ag aon dream amháin ar gach gné den phróiseas, caithfear córas cumarsáide agus bainistíochta láidre a chur ar bun chun comhoibriú éifeachtach a chinntiú. Beidh dúshlán ann freisin maidir le caighdeáin chuí a chruthú trasna na dtascanna éagsúla, agus a chinntiú go bhfuil na tagarmharcanna go léir ag obair i dtreo na gcuspóirí straitéiseacha céanna.

Tá an baol ann freisin go mbeadh spleáchas iomarcach ar na tagarmharcanna amach anseo, agus caithfear a chinntiú go bhfuil siad ina n-uirlisí úsáideacha seachas ina

gcuspóirí deiridh iontu féin. Tugann sé seo aghaidh ar fhadhb eile freisin - is féidir le cuideachtaí éifeachtacht tagarmharcanna a laghdú trí oiliúint a chur ar a gcuid LLManna ar na tagarmharcanna féin. Caithfear díriú ar an bhfadhb seo a laghdú trí ionchorprú tástálacha dinimiciúla agus príobháideacha laistigh de na tagarmharcanna, rud a chuireann castacht bhreise leis an bpróiseas.

Ní mór freisin aghaidh a thabhairt ar easpa sonraí oiliúna do LLManna i nGaeilge, agus b'fhéidir go gcaithfí straitéisí cruthaitheacha a úsáid chun tagarmharcanna a chruthú in ainneoin na srianta seo. Dúshlán breise a bheidh ann a chinntiú go bhfuil na tagarmharcanna oiriúnach do chomhthéacsanna éagsúla úsáide, ón taighde acadúil go dtí feidhmeanna tráchtála sa saol réadúil.

CÁIPÉIS BHEO

# Mionfheachtas Togra 4.5: Comórtas Físeán IS – Straitéis IS don Ghaeilge

## Fís

Ba mhaith le hÚdarás na Gaeltachta cultúr digiteach a chruthú a chuireann an Ghaeilge chun cinn mar theanga bhríomhar sa ré dhigiteach. Trí chomórtas físeán IS giniúnach a eagrú, beifear in ann an chéad ghlúin eile de Ghaeilgeoirí a spreagadh chun teicneolaíocht IS a úsáid ar bhealach cruthaitheach agus nuálach le cur le líon an ábhair Ghaeilge atá ar fáil. Is é fís Údarás na Gaeltachta ná go mbeidh pobal óg na Gaeilge agus na Gaeltachta chun tosaigh i réimse na teicneolaíochta IS, agus go mbeidh siad in ann a gcuid scileanna teicniúla a fhorbairt agus a shaibhriú trí mheán na Gaeilge. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta go mbeadh ábhar éagsúil ar fáil i nGaeilge agus chuirfeadh na féidearthachtaí IS giniúnacha leis an méid ábhair a bheidh ar fáil i nGaeilge amach anseo.

## Cúlra

Tá sé ar intinn ag Údarás na Gaeltachta comórtas físeáin a bheadh ginte ag IS a reáchtáil i gcomhar le comhlachtaí atá chun tosaigh i bhforbairt uirlisí IS cruthaitheacha. Beidh an comórtas bunaithe ar *Project Odyssey*, tionscnamh rathúil a d'eagraigh *Freepik*, agus a pléadh ag comhdháil *Upscale* in San Francisco i mí Bealtaine 2025. Léirigh an tionscnamh sin an cumas atá ag teicneolaíocht IS chun tacú le cruthaitheacht agus nuálaíocht, agus tá sí mar aidhm ag an Údarás anois an taithí sin a thabhairt chuig pobal óg na Gaeilge agus na Gaeltachta. Is deis uathúil é seo chun teicneolaíocht cheannródaíoch IS a chur ar fáil do dhaoine óga na Gaeltachta agus do phobal na Gaeilge ar fud na hÉireann.

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 1 | Feachtas margaíochta a chur i bhfeidhm chun feasacht a ardú faoin gcomórtas agus chun rannpháirtíocht a spreagadh i measc an spriocphobail |
| 2 | Foirm iarratais a chur ar fáil le líonadh ag na rannpháirtithe go léir, agus na hiarratais a mheas de réir critéir shoiléire a leagfar amach roimh ré |
| 3 | Ceadúnais úsáideora a fháil ó pháirtithe dóibh siúd a roghnaítear don chomórtas, rud a thabharfaidh rochtain dóibh ar na huirlisí IS is déanaí agus is forbartha lena scéalta a insint i bhfoirm físeáin trí Ghaeilge |
| 4 | Clár oiliúna cuimsitheach a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge a thabharfaidh treoir do na rannpháirtithe trí úsáid a bhaint as na córais IS |

CÁIPÉIS BHEO

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 5 | Múineadh do rannpháirtithe an chaoi leis an IS a úsáid ar bhealach cruthaitheach agus eiticiúil chun físeáin a chruthú, agus treoir a thabhairt dóibh ar na modhanna is fearr chun a gcuid smaointe cruthaitheacha a chur i bhfeidhm trí theicneolaíocht IS |
| 6 | Ócáid feasachta agus seisiún plé a eagrú d'earnáil na meán Gaeilge chun anailís mhionsonrach a dhéanamh ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le hábhar giniúnach IS |
| 7 | Measúnú a dhéanamh ar thacaíochtaí oiliúna sonracha a sholáthar don earnáil seo |

## Aschur

Cuideoidh an togra seo le dul chun cinn na Gaeilge i réimse físeán IS giniúnach, mar *VEO3*, *Sora*, *RunwayML* srl. Meastar go dtabharfaidh an comórtas seo deiseanna tábhachtacha d'óige na Gaeilge agus na Gaeltachta chun a gcuid scileanna digiteacha agus cruthaitheacha a fhorbairt. Beidh torthaí an chomórtais ina dtaispeántas ar an gcumas atá ag pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a gcuid scéalta a insint tríd an teicneolaíocht nua-aimseartha seo. Beifear in ann físeáin trí Ghaeilge a chruthú a léireoidh saibhreas agus éagsúlacht chultúr na Gaeilge don domhan. Ina theannta sin, cruthófar líonra nua de chruthaitheoirí óga a bheidh in ann leanúint ar aghaidh ag úsáid na dteicneolaíochtaí seo chun ábhar i nGaeilge a chruthú as seo amach. Beifear ag súil go mbeidh an togra seo ina eiseamláir do phobail eile mionteangacha ar an gcaoi chun oidhreacht a sinsear a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Chomh maith leis sin, tá súil go spreagfaidh sé tuilleadh nuálaíochta i réimse na teicneolaíochta Gaeilge.

## Dúshláin

Beidh gá próiseas soiléir a leagan amach lena chinntiú go mbeidh na ceadúnais dáilte ar na daoine cuí. Ní mór critéir shoiléire roghnúcháin a leagan síos agus a chinntiú go bhfuil na rannpháirtithe go léir tiomanta do luachanna agus do phrionsabail an chomórtais. Beidh téarmaí agus coinníollacha dochta ag baint leis an gcomórtas seo, lena n-áirítear rialacha dochta i gcoinne aon ábhair mhíchuí a ghiniúint. Caithfidh gach rannpháirtí aontú leis na téarmaí seo roimh thús an chomórtais, agus beidh córas monatóireachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na rialacha i rith an phróisis go léir. Ina theannta sin, beidh dúshlán ann maidir le hoiliúint a chur ar fáil i nGaeilge do theicneolaíocht atá forbartha go príomha i mBéarla, agus caithfear acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil chun tacú leis na rannpháirtithe ar feadh an phróisis. Beidh comhpháirtíochtaí le cinntiú le comhlachtaí atá ag feidhmiú san earnáil seo.

CÁIPÉIS BHEO

# Inbhuanaitheacht



## Gaeltacht Ghlas

Ceann de na heilimintí is mó plé faoin intleacht shaorga sa lá inniu ná an tionchar atá ag na hIonaid Sonraí ar an timpeallacht. Tuigtear go mbeidh tionchar níos mó acu le himeacht aimsire mar gheall ar an bpróiseáil bhreise a bhaineann leis an intleacht shaorga.

Tugann Údarás na Gaeltachta aitheantas don tábhacht a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus an straitéis intleachta saorga don Ghaeilge á cur i bhfeidhm. Tá an tÚdarás tiomanta go ndéanfar maolú ar aon drochthionchar timpeallachta atá ag obair an Údaráis sa réimse seo.

## Gealltanas Cothromaithe Carbóin

**Geallann an tÚdarás maolú carbóin a dhéanamh ar na haschuir atá nasctha go díreach le hobair an Údaráis i bhforbairt uirlisí IS don Ghaeilge.**

## Cur i bhFeidhm

**Tomhas:** Déanfar measúnú rialta ar an lorg carbóin a bhaineann le gníomhaíochtaí IS.

**Íoslaghdú:** Bainfear úsáid as fuinneamh inathnuaite agus córais éifeachtacha nuair is féidir.

**Cothromú:** Déanfar meastacháin ar an mbealach is éifeachtaí gur féidir leis an Údarás na drochthionchair charbóin a bhaineann go díreach le hobair an Údaráis ar an togra seo a laghdú.

CÁIPÉIS B

## Conclúid

Trí thiomantas an Údaráis do chúrsaí timpeallachta, tá sé i gceist go mbeidh an togra seo ina eiseamláir ar an gcaoi le togra a chur i gcrích leis na céimeanna maolaithe cuí ó thaobh charbón de.

Tá sí mar aidhm ag Údarás na Gaeltachta go leanfaidh an togra seo prionsabail na Gaeltachta Glaise.

CÁIPÉIS BHEO

# Conclúid

## Achoimre

Tá obair thábhachtach ar siúl ag Údarás na Gaeltachta ó thús na bliana 2024 chun ról lárnach na Gaeilge sa domhan digiteach nua a chur chun cinn. Leagtar amach sa phlean straitéiseach seo na bearta agus na tionscnaimh atá beartaithe chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge:

- **Ábhartha agus bríomhar i ré na hintleachta saorga**
- **Ag caomhnú shaibhreas agus oidhreacht chultúir na nGael do na glúnta atá le teacht**
- **Ina croílár i bhforbairt seirbhísí digiteacha san earnáil phoiblí**

## Comhthéacs Straitéiseach na hÉireann

Tá seans agus deis uathúil ag Éirinn na haidhmeanna seo a bhaint amach de bharr a seasaimh mar cheanncheathrú Eorpach do na comhlachtaí móra teicneolaíochta go léir — *Google*, *Microsoft*, *Meta*, *OpenAI* agus anois, *Anthropic*. Is deis é seo nach bhfuil ag mionteangacha eile ar fud an domhain, agus caithfimid leas a bhaint as an gcumas rochtana agus tionchair atá againn.

Tugann an plean seo deis uathúil do Rialtas na hÉireann é féin a bheith mar cheannaire domhanda i gcaomhnú teangeolaíoch digiteach, ag cur na Gaeilge chun cinn mar cheann de na chéad teangacha mionlaigh le beartas réamhghníomhach IS. Trí úsáid a bhaint as ár gcuid acmhainní agus ár suíomh straitéiseach, is féidir linn samhail a chruthú d'fhorbairt teangeolaíochta dhigiteach a leanfaidh pobail teanga ar fud an domhain.

## An Bealach Chun Cinn

Is tírdhreach atá ag athrú go leanúnach é an domhan digiteach agus tá gá an deis a thapú go tapa nuair a thagann athruithe agus forbairtí nua chun cinn. Aithníonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil dúshláin mhóra romhainn ar an mbóthar seo, agus táthar muiníneach go ndéanfar dul chun cinn nuair a oibreofar as lámh a chéile le pobal gníomhach na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Ní hamháin go gcaomhnóidh na bearta seo ár dteanga dhúchais, ach cruthóidh siad freisin céim-mharcáil thábhachtach don chaomhnú teanga digiteach go domhanda. Anois an t-am le gníomh a dhéanamh agus an deis stairiúil seo a ghlacadh chun todhchaí bríomhar digiteach a chinntiú don Ghaeilge.

Déanfaidh na bearta seo ár dteanga dhúchais a chaomhnú agus a neartú, agus beidh siad ina samplaí do mhionteangacha eile ar fud an domhain. Caithfear leas a bhaint as an deis luachmhar seo anois chun todhchaí rathúil digiteach a chruthú don Ghaeilge sa ré nua seo.

CÁIPÉIS BHEO

*Samhain 2025*

*Nóta don léitheoir: Úsáideadh teicneolaíocht intleachta saorga (AI) chun cabhrú le hullmhú an ábhair seo, chomh maith le híomhánna a chruthú.*

CÁIPÉIS BHEO